**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2024/0101(NLE)**

23.4.2025

***

# DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach (COM(2024)0189 – C10-0000/2025 – 2024/0101(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Željana Zovko

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....5

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .....6

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach (COM(2024)0189 – C10-0000/2025 – 2024/0101(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2024)0189),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach (0000/2024),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 217, Airteagal 218(6), Airteagal 218(7) agus (8), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0000/2025),

– ag féachaint dá rún neamhreachtach[1] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ón gCoiste um Chearta na mBan,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. ag treorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phrionsacht Andóra agus Phoblacht San Mairíne faoi seach.

[1] Téacsanna arna nglacadh an dáta sin, P10_TA(0000)0000.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Ambasáid Andóra sa Bheilg, san Ísiltír agus i Lucsamburg agus Misean Andóra chuig an Aontas Eorpach |
| Aireacht Gnóthaí Eachtracha San Mairíne |

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an Rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.